

Ábhar

Lóistín ar an gCampas

Téacsanna Léitheoireachta

Póstaer faoi Scéim na nIonad Cónaithe sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Téacs a chuireann síos ar an scéim.

(Le caoinchead Bhord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Lóistín ar an gCampas

Réamhobair

1. Beidh tú ag plé cúrsaí lóistín ar ball. Ar dtús déan ransú intinne le do ghrúpa ar na focail go léir ar féidir libh smaoiniamh orthu atá bainteach leis an topaic ‘lóistín’.
2. Pléigh an ráiteas seo: Is fearr go mór do lóistín féin a bheith agat seachas a bheith i do chónaí le do thuismitheoirí agus tú sa Choláiste.
3. Anois féach ar an bpóstaer faoi Scéim na nIonad Cónaithe sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus pléigh na ceistanna seo a leanas.
 - Cad a cheapann tú faoina leithéid seo de scéim? An mbeadh spéis agat féin inti?
 - An bhfuil a leithéid de scéim sa Choláiste seo?
 - An bhfuil lóistín do mhic léinn ar an gcampas seo? An mbeadh spéis agat ina leithéid de lóistín nó arbh fhearr leat a bheith i do chónaí lasmuigh den champas?
 - ‘Bronnfar scoláireachtaí ar fiú 40% den chíos iad, ar iarrthóirí a bhfuil ríspéis acu i gcur chun cinn na teanga agus a chruthaíonn cumas láidir gníomhaíochta’.
Cad a cheapann tú den choinníoll seo – an mbeadh spéis agatsa ‘i gcur chun cinn na teanga’ ar an gcampas? Cad atá i gceist leis sin, dar leat?

Léamh agus Feasacht Teanga

1. Anois léigh an téacs a théann leis an bpóstaer agus a thugann eolas breise faoin scéim.
2. Scríobh freagraí ar na ceistanna seo:

Cad iad na buntáistí a luaitear sa téacs leis an scéim?
Cad iad na leideanna a thugtar sa téacs maidir leis an gcineál mac léinn atá á lorg don scéim?
3. Féach ar na focail thíos a bhí sa téacs – an féidir leat iad a scríobh i gceart? (tá an chéad cheann déanta). Cén ghné den ghramadach atá i gceist? An bhfuil an dara focal i ngach sampla firinscneach nó baininscneach? Cad is fiú an t-eolas sin a bheith agat?

mic léinn + an scéim

mic léinn na scéime

croílár + an campas

áiseanna + spórt

áiseanna + leabharlann

áiseanna + ríomhaireacht

scileanna + cinnireacht
scileanna + cumarsáid
cur chun cinn + an teanga
lucht + an scéim
scileanna + eagrúchán
creidiúintí + Ollscoil
foirm + iarratas
chun + agallamh

4. Cén fáth a bhfuil séimhiú sa dara sampla thíos?

cumann Gaelach
cumainn **G**haelacha

Iarobair

Tasc

Ba mhaith leat cur isteach ar Scéim na nIonad Cónaithe. Sa mhéid a scríobhfaidh tú ar an bhfoirm iarratais agus san agallamh caithfidh tú a chruthú go mbeifeá ábalta imeachtaí a eagrú nó cabhrú chun imeachtaí a eagrú sa Choláiste; go bhfuil spéis agat i gcur chun cinn na Gaeilge ar an gcampas agus go mbeadh smaointe agat faoi chur chun cinn na Gaeilge.

Ullmhúchán – obair bheirte

Pléigh na moltaí a bheadh agat maidir le cur chun cinn na Gaeilge ar an gcampas (déan iarracht smaoiniamh ar rudaí seachas Tráth na gCeist agus céilí!)

Chun cabhrú leat, féach ar na pointí thíos a chuir iarrthóirí ar an bpost mar Oifigeach Gaeilge in Aontas na Mac Léinn i gColáiste tríú leibhéal le chéile. Is mar chuid dá bhfeachtas toghchánaíochta a chuir siad na pointí le chéile. Cad a shíleann tú de na pointí?

- Taisteal go dtí an tOireachtas i Leitir Ceanainn
- Seachtain na Gaeilge – Céilí, Banna Ceoil, Tráth na gCeist
- Oícheanta gaelacha sa seomra caidrimh
- Turas a eagrú go dtí an Ghaeltacht
- *No Béarla*: Gaeilge a labhairt ar feadh 24 uair an chloig ar son carthanais
- An Cumann Gaelach a fhorbairt
- Díospóireachtaí a eagrú le coláistí eile
- Oícheanta sóisialta sa chlub Gaeilge *Sult*

Scríobh píosa gearr fút féin a bheadh oiriúnach don fhoirm iarratais. Sa phíosa seo beidh tú ag iarraidh dul i bhfeidhm ar lucht eagraithe na scéime.

Rólghníomhaíocht: an t-agallamh

Anois beidh an t-agallamh ar siúl:

Duine A: Oifigeach Gaeilge Bhord Gaeilge an Choláiste atá ag lorg mac léinn a bheadh oiriúnach don scéim.

Duine B: an mac léinn atá faoi agallamh.

(caitheadh an bheirt agaibh tamall i mbun ullmhúcháin don agallamh – Duine A ag cumadh ceisteanna agus Duine B ag ullmhú pointí don agallamh).

Iarphlé

Conas a d'éirigh leis an agallamh? Cad a bhí deacair / go maith / éasca?

Plé

- Cé acu is deacra, dar leat – dul i bhfeidhm ar dhuine trí phíosa scríbhneoireachta nó trí pháosa cainte / agallamh?
 - Nuair a bhíonn agallamh á dhéanamh agat bíonn ort dul i bhfeidhm ar dhaoine. Seo thíos amanna a mbeadh ort dul i bhfeidhm ar dhuine – tóg féin agus an duine in aice leat na rólanna éagsúla i gcúpla ceann de na pointí.
1. Ghoid tú smaointe as aiste le mac léinn eile agus chuir tú i d'aiste féin iad. Thug an léachtóir faoi deara agus níl tú cinnte an mbeidh cead agat leanúint ar aghaidh leis an gcúrsa. Tá tú ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an gCeann Roinne agus ar an léachtóir ag cruinniú.
 2. Gheall tú do do thuismitheoirí nach mbeifeá ag lorg a thuilleadh airgid mar go mbraitheann siad go bhfuil tú ag caitheamh an iomarca. Ach tá tú ag iarraidh dul go Londain le grúpa cairde.
 3. Bhí cóisir mhór agat féin agus na daoine i d'árasán agus rinneadh a lán damáiste sa teach. Tá an tiarna talún ag iarraidh deireadh a chur le bhur gconradh cíosa.
 4. Cheannaigh tú ticéad le haghaidh ceolchoirme ach ní féidir leat dul ann. Tá an t-airgead a chaith tú ar an ticéad go mór de dhíth ort. Tá tú ag iarraidh é a dhíol le do chara ach níl mórán spéise aici san amhránaí.
 5. Tá an duine a thagann ag seiceáil na gceadúnas teilifíse ag an doras agus níl ceadúnas ar bith agat.

Téacs

Scéim Chónaithe Bhord na Gaeilge, An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Bunaíodh Scéim Chónaithe an Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath sa bhliain 2000 ar mhaithe le pobal Gaeilge na hOllscoile a neartú. Nuair a thosaigh an scéim bhí ceathrar mac léinn páirteach inti agus tá sí ag dul ó neart go neart riamh ó shin. Bhí ceithre oiread mac léinn páirteach inti sa dara bliain den scéim agus tá an méid is mó fós páirteach inti i mbliana – le cuidiú ón Údarás um Ardoideachas bronnfar 24 scoláireacht don bhliain 2009-2010.

Bíonn cónaí ar mhic léinn na scéime seo i dTeach na Gaeilge atá suite i gcroilár an champais in Ionad Cónaithe Merville, Belfield. Tá áiseanna spóirt, leabharlainne agus ríomhaireachta ar leac an dorais acu agus bíonn deis acu cairdeas a chothú le mic léinn eile ó réimse leathan dámh. Is as an nGaeltacht agus as an nGalltacht araon do mhic léinn na scéime agus baineann siad leas as a gcuid scileanna cinnireachta agus cumarsáide in imeachtaí seach-churaclaim ar mhaithe le cur chun cinn na teanga ar an gcampas. Bíonn pobal Theach na Gaeilge gníomhach go mór sna cumainn Ghaelacha agus le linn Seachtain na Gaeilge UCD. Bíonn cúnamh agus tacaíocht leanúnach le fáil acu, chuige sin, ó Bhord na Gaeilge san Ollscoil.

Buntáiste eile a bhíonn ag lucht na scéime ná gur féidir leo clárú don mhodúl ‘Scileanna Cumarsáide trí Ghaeilge’ atá mar chuid de chlár *Horizons* UCD. Cuireann an modúl oiliúint ar mhic léinn maidir le scileanna eagrúcháin agus cumarsáide agus cuireann sé ar a gcumas creidiúintí Ollscoile a bhaint amach.

Tá Bord na Gaeilge ar thóir mhac léinn cumasach fuinniúil do Scéim Chónaithe 2009-2010. Fáilteofar roimh iarratais ó mhic léinn as gach cúrsa de chuid na hOllscoile; ó mhic léinn atá cláraithe san Ollscoil cheana, mar aon leo siúd atá ag teacht chuig an Ollscoil don chéad uair i mí Mheán Fómhair 2009. Ní mór d’iarrthóirí foirm iarratais a líonadh. Déanfar gearrliostú ar na hiarrthóirí cuí chun agallaimh ina dhiaidh sin.

Bígí Linn!



Scéim Chónaithe Ghaeilge
Bhord na Gaeilge UCD 2009/2010
www.ucd.ie/bnag

'Teach na Gaeilge UCD'

Ionad Cónaithe Gaeilge ar Champas Belfield

Scoláireachtaí ar fáil do 24 mac léinn don bhliain 2009-2010

Comórtas oscailte do mhic léinn as gach cúrsa de chuid na hOllscoile

Foirm iarratais ar fáil ar: www.ucd.ie/bnag

Bronnfar scoláireachtaí ar fiú 40% den chíos iad, ar iarrthóirí a bhfuil ríspéis acu i gcur chun cinn na teanga agus a chruthaíonn cumas láidir gníomhaíochta



TUILLEADH EOLAIS

Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach Gaeilge,
Bord na Gaeilge UCD, D213, Áras Newman,
An Coláiste Ollscoile,
Baile Átha Cliath, Belfield, Dublin 4

Guthán: 01-716-8208
Ríomhphost: oifigeach.gaeilge@ucd.ie
Idirlíon: www.ucd.ie/bnag



www.ucd.ie/bnag